Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12825/19**

**DAPIX 290**
**ENFOPOL 432**
**ENFOCUSTOM 165**
**CRIMORG 136**
**JAI 1030**
**CH 49**
**FL 68**
**N 62**
**ISL 54**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Deireadh Fómhair 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12093/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le líonra Chinn Feidhme SPOC (Pointe Teagmhála Aonair) a bhunú<br>– Conclúidí ón gComhairle (7 Deireadh Fómhair 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Líonra Eorpach Chinn Feidhme SPOC a bhunú do mhalartú idirnáisiúnta faisnéise i leith fhorfheidhmiú an dlí, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3717ú cruinniú a bhí aici ar an 7 Deireadh Fómhair 2019.

**Conclúidí ón gComhairle**

**an 7 Deireadh Fómhair 2019**

**maidir le Líonra Eorpach Chinn Feidhme SPOC a bhunú**

**do mhalartú idirnáisiúnta faisnéise i leith fhorfheidhmiú an dlí**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid a leanas,

AG MEABHRÚ DI an bhagairt a bhaineann le struchtúir na coireachta eagraithe atá ag éirí níos solúbtha agus trasnáisiúnta lena spreagadh na Ballstáit chun malartú agus comhroinnt a sócmhainní faisnéise a threisiú trí rochtain dhíreach agus shruthlínithe ar shonraí cuimsitheacha iontaofa,

AG MEABHRÚ DI na buntáistí a ghabhann le haonad um 'ionad ilfhreastail' a bhunú i ngach Ballstát don chomhar idirnáisiúnta i leith fhorfheidhmiú an dlí mar a léirítear i lámhleabhar na ndea-chleachtas maidir le hAonaid an Chomhair Idirnáisiúnta Póilíneachta ar an Leibhéal Náisiúnta[1],

ÓS DEIMHIN LÉI gur cheart do na haonaid sin don chomhar idirnáisiúnta i leith fhorfheidhmiú an dlí atá ag gníomhú mar Phointí Teagmhála Aonair (SPOC) oibriú go dlúth le chéile chun freagairt níos fearr ar an éileamh atá ar thacaíocht níos éifeachtúla agus níos sciobtha maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta,

AG AITHINT DI an toradh dearfach a bhí ar na chéad cheithre chruinniú de Chinn Feidhme náisiúnta SPOC, a eagraíodh laistigh de thionscadal 'A.T.H.E.N.A.' IMS[2] agus arna gcistiú ag an gCiste Slándála Inmheánaí - Póilíneacht (ISF1),

[1] 7968/08

[2] A.T.H.E.N.A.: Aghaidh a thabhairt ar Oiliúint a chur ar SPOC mar Mhol le haghaidh Líonra Eorpach Ghníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí

ÓS FEASACH DI an taithí dhearfach a baineadh as na cruinnithe tréimhsiúla a bhí ag Cinn Feidhme SIRENE, lena mbunaíodh líonra láidir agus éifeachtúil thar na blianta,

ÓS DEIMHIN LÉI go mbíonn an deis ann, nuair a chruthaítear líonra buan Chinn Feidhme SPOC, comhordú agus comhar a neartú chomh maith le leanúint ar aghaidh le chéile ar an mbealach sin chun tacú le hidirghníomhaíochtaí agus malartuithe atá ag éirí níos sciobtha agus níos éifeachtúla,

ÓS DEIMHIN LÉI gur cheart do SPOCanna, chun a gcuid cúraimí oiliúna a chomhlíonadh, leas a bhaint as croíghrúpa saineolaithe a bheadh i bhfeighil meastóireacht a dhéanamh ar na deiseanna atá ann oiliúint a chur ar fhoireann SPOC, oiliúnóirí cáilithe a mholadh agus tacú le gníomhaíochtaí oiliúna a phleanáil d'fhoireann SPOC,

IS DÍOL SÁSAIMH DI an tacaíocht ó CEPOL chun gníomhaíochtaí oiliúna a phleanáil d'fhoireann SPOC,

IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar Thíortha Comhlachaithe Schengen líonra Chinn Feidhme SPOC a bhunú, a thiocfaidh le chéile dhá uair in aghaidh na bliana, ar a laghad, arna iarraidh sin d'Uachtaránacht na Comhairle, chun aghaidh a thabhairt ar thopaicí amhail an méid a leanas:

– ábhair leasa choitinn, amhail ionstraimí nua dlí, deacrachtaí a ghabhann le sreabha oibre ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon, lena sainítear dea-chleachtais agus conas taithí a chomhroinnt,

– éifeachtúlacht an chomhair idir a gcuid seirbhísí a mheas,

– dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le saincheisteanna a bhaineann le malartú faisnéise,

– feasacht a mhúscailt faoi shainiúlachtaí an chreata dhlíthiúil náisiúnta a bhaineann le malartú faisnéise i leith fhorfheidhmiú an dlí,

– constaicí dlíthiúla agus pragmatacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí a shainaithint agus teacht ar na réitigh is iomchuí chun déileáil leo,

IARRANN SÍ ar na Ballstáit féachaint ar dheiseanna cistiúcháin, lena n-áirítear an Ciste Slándála Inmheánaí, chun gníomhaíochtaí an líonra a chómhaoiniú,

IS DÍOL SÁSAIMH DI, i bhfeidhmiú an chláir oibre, rannpháirtíocht Institiúidí ábhartha an Aontais, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus IARRANN SÍ orthu comhoibriú, nuair is iomchuí, i ngníomhaíochtaí an líonra aon uair a bheadh a saineolas agus comhairle ag teastáil,

IARRANN SÍ go gcuirfear meitheal DAPIX na Comhairle ar an eolas go rialta faoi ghníomhaíochtaí an líonra.